

SÁRMHAITHÉAS TRÍ
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
*Laois and Offaly
Education and Training Board*

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

CLÁR ÁBHAIR


Brollach an Chathaoirligh	4
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Bord agus Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Laois agus Uíbh Fhailí	6
Ballraíocht an Bhoird agus Tinreamh	6
Deimhniú um Chomhlíonadh	10
Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca	11
Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais	12
Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	13
Próifíl Eagraíochta	13
Léarscáil na Seirbhísí	13
Suíomh na Seirbhísí	14
Miondealú Foirne	15
An Fhoireann Ardbhainistíochta	15
Scéim Teanga	15
Ráitis Airgeadais	15
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha	16
Tuarascáil ar Ráiteas Straitéise	17
Gluais	25

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an Tuarascáil Bhliantúil 2019 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Is obair leathan á déanamh ag an BOOLUF mar eagraíocht reachtúil a bhfuil freagracht aige as iar-bhunscoileanna, breisoideachas agus oiliúint, seirbhísí óige, ealaín san oideachas agus riarachán ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Sa tuarascáil seo, léirítear rath na heagraíochta maidir lenár ról aitheanta laistigh den phobal a fhorbairt mar sholáthraí de dheiseanna oideachais agus oiliúna inrochtana agus ar ardchaighdeán, atá bunaithe go háitiúil a chuirtear ar fáil do gach aoisghrúpa. Bíonn riachtanais ár mac léinn ríthábhachtach i gcónaí don tseirbhís a chuireann an BOOLUF ar fáil agus leis an béim seo cuirfear ar ár gcumas freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin atá i mbun athraithe agus atáimid ag dul ar aghaidh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Joe Cunningham, lena fhoireann bainistíochta, agus leis an bhfoireann go léir ag an BOOLUF as a dtiomantas agus a ndíogras leanúnach don sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, le buíochas ó chroí, d'obair mo chomhbhaill ar an mBord a thugann a gcuid ama go díograiseach agus atá tugtha go hiomlán maidir le rialachas an BOOLUF.



Cllr. Neil Feighery
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2019 an BOOLUF a chur i láthair. Ba í 2019 an dara bhliain de chur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 5 bliana (2018-2022) agus is céim thábhachtach é i bhforbairt BOOLUF mar sholáthraí reachtúil oideachais agus oiliúna sa réigiún. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise an treoir don BOOLUF sna blianta amach romhainn agus sainmhínítear ár misean, ár bhfís, agus ár luachanna mar eagraíocht chomh maith leis na spriocanna straitéiseacha ar mhian linn a bhaint amach. Leis an tuarascáil seo, tugtar deis dúinn chun machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích de réir na spriocanna seo thar thrí phríomhréimse oibre, eadhon, Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, Seirbhísí Óige, na hEalaíona san Oideachas agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil seo achoimre ar an staid airgeadais agus faisnéis acmhainní daonna an BOOLUF le linn na tréimhse seo. Le linn na bliana 2019, leanadh le béim na heagraíochta seasmhach agus a dhéanaimid ár ndícheall deiseanna den scoth maidir le hoideachas agus oiliúint ar feadh an tsaoil a sholáthar do na pobail uile ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. In 2019, chonacthas BOOLUF freagracht a ghlacadh as Scoil Cheoil Laoise agus Music Generation Laois i dteannta le Coiste Ealaíon a bhunú. Tá an méadú ar líon na mac léinn atá ag freastal ar ár Scoileanna agus ar ár nIonaid Breisoideachais agus Oiliúna mar fhianaise ar rath leanúnach dár gcuid oibre.

Is mian liom mo bhuíochas agus m'ómós a chur in iúl do:

- An Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird as a gcomhoibriú gníomhach maidir le gnó an BOOLUF a chur chun cinn ar go leor bealaí le linn 2019;
- Na comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta agus coistí an BOOLUF a thugann a gcuid ama go flaitiúil chun obair an Bhoird a chur chun cinn;
- Bainistíocht agus foireann ár scoileanna, ár n-ionad, ár seirbhísí agus ár n-oifigí riaracháin as a dtiomantas leanúnach, a ndíograis agus a ndílseacht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na baill foirne atá imithe ar scor, a bhí ag obair ar feadh tamaill fhada agus guím sláinte agus sonas orthu don todhchaí. Tá an BOOLUF go mór faoi chomaoin acu as a seirbhís ghairmiúil agus thiomanta a thugann siad don eagraíocht.



Seosamh Ó Cuinneagáin
Príomhfheidhmeannach

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Bunaíodh Bord nua tar éis na dtoghchán áitiúil de bhun alt 31 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tháinig an Bord a d'imigh as oifig le chéile ceithre huairé in 2019: 28 Eanáir, 28 Feabhra, 26 Márta agus 15 Bealtaine.

Ballraíocht an Bhoird a d'imigh as oifig

An Comhairleoir John Carroll (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Caroline Dwane-Stanley
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
An Comhairleoir Pdraig Fleming
An Comhairleoir John King
An Comhairleoir Paschal McEvoy
An Comhairleoir Mary Sweeney
An Comhairleoir Eamon Dooley
(Leas-Chathaoirleach)
An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick
An Comhairleoir Sean Maher
An Comhairleoir Tony McCormack
An Comhairleoir Liam Quinn
An tUasal Vivienne Keenan
An tUasal William Flanagan
An tUasal Mary Cotter-Bracken
An tUasal Derek Scully
An tUasal Maura Brophy
An tUasal Molly Buckley
An tUasal Frank Smith
An tUasal Anne Starling
An tUasal Clive Davis

Comhlacht Ainmniúcháin

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é
Thogh Comhairle Contae Laoise í
Thogh Comhairle Contae Laoise í
Thogh Comhairle Contae Laoise é
Thogh Comhairle Contae Laoise é
Thogh Comhairle Contae Laoise é
Thogh Comhairle Contae Laoise í

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é
Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é
Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é
Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é
Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é

Ionadaí Foirne
Ionadaí Foirne

Ionadaí na dTuismitheoirí
Ionadaí na dTuismitheoirí

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire (ceaptha 28.01.19)

Clár Tinrimh					
Ainm an Bhaill	28/01/2019	28/02/2019	26/03/2019	13/05/2019	Tinreamh
Maura Brophy	X	X	X	✓	1 as 4
Molly Buckley	✓	✓	✓	X	3 as 4
John Carroll	✓	✓	✓	✓	4 as 4
Mary Cotter-Bracken	X	X	✓	✓	2 as 4
Eamon Dooley	X	X	✓	X	1 as 4
Caroline Dwane-Stanley	✓	✓	✓	✓	4 as 4
Catherine Fitzgerald	✓	X	X	X	1 as 4
Eddie Fitzpatrick	✓	X	✓	X	2 as 4
William Flanagan	✓	X	✓	✓	3 as 4
Padraig Fleming	✓	✓	✓	✓	4 as 4
Vivienne Keenan	✓	✓	✓	✓	4 as 4
John King	✓	X	✓	X	2 as 4
Sean Maher	✓	✓	✓	✓	4 as 4
Tony McCormack	X	✓	X	X	1 as 4
Pascal McEvoy	X	✓	X	✓	2 as 4
Liam Quinn	✓	X	✓	X	2 as 4
Derek Scully	X	✓	X	✓	2 as 4
Frank Smith	X	✓	X	X	1 as 4
Anne Starling	X	✓	X	X	1 as 4
Mary Sweeney	✓	X	✓	✓	3 as 4
Clive Davis	Ceaptha 28 Eanáir	✓	✓	✓	3 as 3

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Ballraíocht nua an Bhoird

An Comhairleoir Neil Feighery (Cathaoirleach)

An Comhairleoir Willie Aird

An Comhairleoir Caroline Dwane-Stanley

An Comhairleoir Catherine Fitzgerald

(Leas-Chathaoirleach)

An Comhairleoir Padraig Fleming

An Comhairleoir John King

An Comhairleoir Mary Sweeney

An Comhairleoir John Carroll

An Comhairleoir Clare Claffey

An Comhairleoir Pippa Hackett

An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick

An Comhairleoir Robert McDermott

An Comhairleoir Frank Moran

An tUasal Evelyn Dunne

An tUasal Shane Flesk

An tUasal Mary Cotter-Bracken

An tUasal Dave Cullen

An tUasal Maura Brophy

An tUasal Molly Buckley

An tUasal John Mollin

An tUasal Frank Smith

An tUasal Niall Tully

Comhlacht Ainmniúcháin

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é

Thogh Comhairle Contae Laoise é

Thogh Comhairle Contae Laoise í

Thogh Comhairle Contae Laoise í

Thogh Comhairle Contae Laoise é

Thogh Comhairle Contae Laoise é

Thogh Comhairle Contae Laoise í

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí í

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí í

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é

Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é

Ionadaí Foirne

Ionadaí Foirne

Ionadaí na dTuismitheoirí

Ionadaí na dTuismitheoirí

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Clár Tinrimh							
Ainm an Bhaill	22/08/2019	27/08/2019	Cruinniú 27/08/2019	Cruinniú 07/10/2019	25/11/2019	0/12/2019	Tinreamh
Eveyn Dunne	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
Shane Flesk	✓	✓	✓	✓	✓	✗	5 as 6
Mary Cotter Bracken		*	✓	✓	✓	✓	4 as 4
Dave Cullen		*	✓	✓	✓	✓	4 as 4
John Carroll	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
Clare Claffey	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
Neil Feighery	✗	✓	✓	✓	✓	✓	5 as 6
Robert McDermott	✓	✓	✓	✓	✗	✓	5 as 6
Frank Moran	✗	✗	✓	✓	✗	✗	2 as 6
Willie Aird	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
Caroline Dwane-Stanley	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
Catherine Fitzgerald	✓	✓	✓	✓	✓	✗	5 as 6
Padraig Fleming	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6 as 6
John King	✗	✓	✓	✓	✓	✓	5 as 6
Mary Sweeney	✓	✓	✓	✓	✓	✗	5 as 6
Maura Brophy			*	✗	✓	✓	2 as 3
Molly Buckley			*	✓	✓	✓	3 as 3
John Mollin				*	✓	✓	2 as 2
Frank Smith			*	✓	✓	✓	3 as 3
Niall Tully			*	✓	✓	✗	2 as 3
Eddie Fitzpatrick (in ionad Pippa Hackett)				**	✓	✓	2 as 2
Pippa Hackett	✓	✓	✗	✗			2 as 4

Pippa Hackett (d'éirigh sí as an 1 Samhain 2019 nuair a ceapadh í chuig Seanad Éireann)

* Ceaptha ag an gcruinniú seo

** Ceaptha ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí in ionad an Chomhairleora Pippa Hackett

DEIMHNIÚ UM CHOMHLÍONADH

Feidhmíonn BOOLUF i gcomhréir le hAcht BOO 2013, leis an gCód Cleachtais um Rialachas ETBanna 2019, agus le Giorcláin ábhartha ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Bord freagrach as an bhfeidhm fhorchoimeáda mar atá leagtha amach san Acht BOO 2013 agus tá an Fheidhmeannacht freagrach as gach feidhm eile.

Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (RAB) Cheadaigh an Bord an RAB ag a chruinniú an 30 Márta 2020 ar mholadh ón gCoiste Airgeadais. Tá an RAB faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG). Foilseoidh BOOLUF an RAB laistigh de mhí amháin ó fhaightear na cuntais iniúchta ó C&AG.

Coinníonn an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara, agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2019. Déanann an Bord an riosca don eagraíocht a bhainistiú trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca agus tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnaimh dó maidir lena fheidhm riosca. Tá an Bord ag brath ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus ar a thuarascálacha, iniúchadh bliantúil C&AG, agus aon iniúchtaí seachtracha ar nós na gceann a dhéantar thar ceann Chiste Sóisialta na hEorpa. Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird, agus déanann an Bord breithniú ar thuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar athruithe ar rátálacha riosca, agus ar an gClár Riosca. Tá na rioscaí ailínithe le haidhmeanna straitéiseacha BOOLUF agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú.

Rinne an Bord athbhreithniú ar nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag BOOLUF. Cheadaigh an Bord an Ráiteas um Rialú Inmheánach (RRI) ar mholadh an Choiste Iniúchta agus Riosca. Tá an RRI, atá faoi réir a athraithe go dtí go gcuirfean an t-iniúchadh C&AG i gcrích, curtha san áireamh ar Leathanach 4 den RAB agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Deimhníonn BOOLUF go bhfuil sé ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Comhlíonann BOOLUF a oibleagáidí faoin dlí cánach.

Cloíonn BOOLUF lena Pholasaithe agus Nósanna Imeachta Soláthair i dteannta le rialacháin agus treoirlínte soláthair náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. In 2019 d'fhorbair BOOLUF Plean Soláthair Corparáideach.

De réir cheanglas an Achta BOO 2013 a bhaineann le sonraí a fhoilsiú faoi aon bhronntanas a fuarthas a sháraíonn an méid a shonraigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dearbhaíonn LOETB go bhfuair Coláiste Chluain na Slí fótachóipeálaí (luach measta €15,000) i mí na Nollag 2019 ó dheontóir gan ainm.

Chuir Cathaoirleach BOOLUF Tuarascáil Chuimsitheach rúnda faoi bhráid an Aire Oideachais & Scileanna de réir alt 6.8 den Chód Cleachtais um Rialachas BOO. Cuimsítear inti míreanna cosúil le dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartas an Rialtais, imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus breac-chuntas ar gach forbairt a raibh tábhacht tráchtála ag baint leis a rinne difear don BOO an bhliain roimhe sin.

BALLRAÍOCHT AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE AN CHOISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca nua an 25 Samhain 2019 (tar éis na dtoghchán áitiúil agus ar aon dul le bunú an Bhoird nua) de bhun alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile ceithre huair le linn 2019; 4 Márta, 1 Bealtaine, 1 Iúil agus 13 Nollaig.

Ballraíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca a d'imigh as oifig 2019		Tinreamh ag Cruinnithe		
		4 Márta 2019	1 Bealtaine 2019	1 Iúil 2019
An tUasal Oliver McCormack (Cathaoirleach)	Ball Seachtrach	✓	✓	✓
An tUasal Martin Byrne	Ball Seachtrach	✓	✓	✗
An tUasal Anne O'Keeffe	Ball Seachtrach	✓	✓	✓
An tUasal Mary Cotter-Bracken	Ball BOOLUF	✗	✓	✓
An Comhairleoir Padraig Fleming	Ball BOOLUF	✓	✓	✓
An tUasal Frank Smith	Ball BOOLUF	✓	✗	✗

Ballraíocht nua ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca 2019		Tinreamh ag Cruinnithe
		13 Nollaig 2019
An tUasal Martin Byrne (Cathaoirleach)	Ball Seachtrach	✓
An tUasal Oliver McCormack	Ball Seachtrach	✓
An tUasal Anne O'Keeffe	Ball Seachtrach	✓
An tUasal Hughie Egan	Ball Seachtrach	✓
An tUasal Declan Kirrane	Ball Seachtrach	✓
An tUasal John Carroll	Ball BOOLUF	✗
An Comhairleoir Padraig Fleming	Ball BOOLUF	✓
An tUasal Frank Smith	Ball BOOLUF	✓

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE

Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca nua an 25 Samhain 2019 (tar éis na dtoghchán áitiúil agus ar aon dul le bunú an Bhoird nua) de bhun alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé in 2019; 28 Feabhra, 26 Márta, 27 Bealtaine agus 13 Nollaig.

Ballraíocht an Choiste Airgeadais a d'imigh as oifig 2019		Tinreamh ag Cruinnithe		
		28 Feabh 2019	26 Márta 2019	27 Bealt 2019
An tUasal Peter Scully (Cathaoirleach)	Ball Seachtrach	✓	✓	✓
An Comhairleoir Eamon Dooley	Ball BOOLUF	✗	✓	✓
An tUasal Molly Buckley	Ball BOOLUF	✓	✓	✓
An Comhairleoir Caroline Dwane-Stanley	Ball BOOLUF	✓	✓	✗
An Comhairleoir Paschal McEvoy	Ball BOOLUF	✓	✗	✗


Ballraíocht Nua ar an gCoiste Airgeadais 2019		Tinreamh ag Cruinnithe
		13 Nollaig 2019
An tUasal Peter Scully (Cathaoirleach)	Ball Seachtrach	✓
An Comhairleoir Mary Sweeney	Ball BOOLUF	✗
An tUasal Molly Buckley	Ball BOOLUF	✓
An tUasal Clare Claffey	Ball BOOLUF	✓
An tUasal John Mollin	Ball BOOLUF	✓
An Comhairleoir Neil Feighery	Ball BOOLUF	✗
An Comhairleoir Caroline Dwane-Stanley	Ball BOOLUF	✓

PRÓIFÍL EAGRAÍOCHTA

Cuireann an BOOLUF seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil do dhaonra de 162,658 duine ar fud an dá chontae. Tá ceannoifig na heagraíochta lonnaithe i bPort Laoise. Tugtar achoimre thíos ar na príomhfhiricí agus na príomhfhiúirí maidir leis an BOOLUF in 2019.

Seirbhísí	Líon na Suíomhanna	Líon na Rannpháirtithe/ dTairbhíthe
Iar-bhunscoileanna	9	3,918
Breisoideachas agus Oiliúint	17	12,373

LÉARSCÁIL NA SEIRBHÍSÍ



SUÍOMH NA SEIRBHÍSÍ

Oifigí Riaracháin

Bóthar an Droma, Port Laoise

Foirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór

Scoileanna

Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

Coláiste Bheannchair

Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic

Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

Coláiste Thulach Mhór

Coláiste Chluain na Slí

Coláiste Dhún Masc, Port Laoise

Coláiste Phort Laoise

Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh

Na hEalaíona

Scoil Cheoil Laoise,
Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise

Music Generation Laois,
Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise

Breisoideachas agus Oiliúint

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cúil an tSúdaire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise

Institiúid Phort Laoise

Ionad Scileanna Lár na Tíre

Ionad Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta, Mount Lucas

Ionad Oideachais Phríosún Phort Laoise

Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre

MIONDEALÚ FOIRNE

Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iar-Bhunscoile	460
Múinteoirí/Oidí/Teagascóirí Breisoideachais agus Oiliúna	360
Foireann Riarachán	94
Comhordaitheoirí/Bainisteoirí Ionaid	15
Oibrithe Acmhainne	14
Foireann Chothabhála	36
Foireann Tacaíochta (CRSanna san áireamh)	40
IOMLÁN	1019

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Joe Cunningham	Príomhfheidhmeannach
Marie Bracken	Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
Tony Dalton	Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
Paul Fields	Stiúrthóir na Scoileanna

SCÉIM TEANGA

Tháinig an Scéim Teanga 2016-2019, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, chun críche in 2019. Tá na ceanglais éigeantacha go léir i bhfeidhm agus cuireadh i bhfeidhm na gealltanais do bhliain deiridh na scéime. Tá an Scéim Teanga ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

RÁITIS AIRGEADAIS

Foilseoidh an Bord na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

FÍS, MISEAN, LUACHANNA AGUS SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

In 2018, d'fhorbair an BOOLUF 'Ráiteas Straitéise 2018-2022' mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um BOO 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo ár n-eagraíochta sna cúig bliana atá amach romhainn chun cur ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le hoideachais agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Laoise agus Uíbh Fhailí. I Ráiteas Straitéise an BOOLUF, leagtar amach cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre Sprioc Straitéiseacha. Tá sraith tosaíochtaí straitéiseacha ag gach sprioc a bhainfear amach trí shraith de ghníomhaíochtaí tacaíochta. Dearadh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo chun cuidiú leis an BOOLUF leas a bhaint as na deiseanna agus na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana atá amach romhainn.

FÍS

Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí

MISEAN

Sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint

LUACHANNA

Comhionannas, Comhoibriú, Gairmiúlacht, Ionracas agus Nuálaíocht

ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2018 - 2022

Sprioc 1	Oiliúint agus Oideachas den Scoth Teagasc, foghlaim agus measúnú den scoth a sholáthar do chách, chomh maith le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe a chinntiú i measc na mac léinn.
Sprioc 2	Eispéireas den scoth do Mhic Léinn Eispéiris agus timpeallachtaí foghlama dearfacha ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha a sholáthar do mhic léinn.
Sprioc 3	Bunathrú na hEagraíochta Cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.
Sprioc 4	Forbairt Foirne Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil, agus tacaíocht agus deiseanna foirne a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leanúnach.

TUARASCÁIL AR RÁITEAS STRAITÉISE

Tosaíocht Straitéiseach 1: Oiliúint agus Oideachas den Scoth

1.1 Teagasc, foghlaim agus measúnú den scoth do chách

- Tá an tIonad Teagaisc agus Foghlama ag feidhmiú go hiomlán, dírithe ar chaighdeán den scoth a chinntiú i ngach gné maidir le Teagasc agus Foghlaim.
- D'fhreastail múinteoirí an BOOLUF ar chnuaschruinnithe scoile uile maidir le prionsabail, sonraíochtaí, agus folláine SSM.
- D'fhorbraíomar Clár Measúnaithe, Aiseolais agus Tuairiscithe dhá bhliain chun comhpháirtíocht lárnach le SSM, le OCBÁC, agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta a áireamh.
- Méadú ar sholáthar Chúrsa Oiliúna BO ag teacht le Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOOLUF/SOLAS; 262 tosaitheoir in 2019.
- Chríochnaigh 28 printíseach an Chéim 2 Leictreach in Ionad Scileanna Lár na Tíre.
- Chríochnaigh 56 printíseach an Chéim 2 Leictreach i Maighean Rátha.
- Printíseacht Scafalra curtha faoi bhráid QQI lena bhailíochtú.
- Cuireadh tús le hearcaíocht níos luaithe in 2019 chun a chinntiú go n-earcófar an fhoireann leis na caighdeáin is airde.
- Cuireadh tús le Conarthaí Fostaíochta a eisiúint sular thosaigh baill foirne comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú.

1.2 Soláthar a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe agus lena mbaineann ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe i measc mac léinn

- D'oibríomar i gcomhpháirtíocht le baill foirne SSM chun oiliúint AFMA/MBSR ar leith a sholáthar do Phríomhoidí agus do phríomhbhaill foirne.
- Forbraíodh Clár Measúnaithe, Aiseolais agus Tuairiscithe chun an próiseas measúnaithe a fheabhsú.
- Maoirseacht curtha ar fáil tríd an gcur i bhfeidhm de Chreat um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta RLGÓ, lenar cuireadh ar fáil tacaíocht agus forbairt do thionscadail a fhaigheann maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in earnáil na hoibre don aos óg.
- Comhaontuithe Nua um Dhul Ar Aghaidh go Tríú Leibhéal le IT Ceatharlach agus IT Bhaile Átha Luain bunaithe ar sholáthar 'mapála' agus ardiontráil; bunaíodh meithleacha, próiseas mapála ar siúl, go háirithe i réimse an STEM.

1.3 Pleanáil, comhordú agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise

- Rinneadh taighde, anailís agus tíolacadh d'iarratas ar Thionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a dhírigh ar Dhaoine Óga idir 16-24 bliana d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúint faoi láthair.
- Gearrchúrsaí do SSM ag teacht chun cinn ag leibhéal na scoile chun spéis agus éileamh áitiúil a léiriú.
- Cuireadh sraith de thrí cheardlann MLL i bhfeidhm do phríomhoidí agus do phríomhbhaill foirne ar Alt 29 agus Treoirchomhairle don Scoil Uile.
- Dáileadh leithdháileadh múinteora do 2019/20, bunaithe ar rollú mac léinn agus riachtanais oideachais.

1.4 Cleachtas athmhachnaimh chun tacú le feabhsuithe clár

- Rannpháirtíocht leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le roghanna cleachtais machnamhacha criticiúla do mhúinteoirí; tá an BOOLUF chun tabhairt faoi thionscadal pólótach.
- Cultúr féinmheastóireachta scoile curtha chun cinn, rud atá mar chúis le feabhsú scoile:
- Rinneadh taighde cuimsitheach ar Mapáil de Sholáthar Seirbhíse LGBTI + do Dhaoine Óga i Laois agus Uíbh Fhailí chun eolas breise a thabhairt d'fhorbairt phróisis phróifílithe an cheantair.
- Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Cúram Sláinte BO críochnaithe.
- Suíomhanna a shainnithint do sheomraí Measúnaithe um Scileanna Cúraim Sláinte BO (An Tulach Mhór agus Cúil an tSúdaire).
- Bunaíodh Pobal Cleachtais do chleachtóirí oideachais Cúram Sláinte, le tacaíocht ó Láithreán Moodle tiomnaithe.
- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar Chur i bhFeidhm QIP 2018 agus QIP 2019 curtha i gcrích.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Eispéareas den scoth do Mhic Léinn

2.1 Eispéiris foghlama dhearfacha a sholáthar, chomh maith le timpeallachtaí ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha

- Leathnaíodh samhail soláthair ilphléacs BO go hIonaid BO in Éadan Doire, Móinteach Mílíc, agus Beannchar.
- Chuir 70 foghlaimeoir tús le hOiliúint i gceann de na hIonaid BO nua-chomhtháite.
- Foirm iarratais BO (PLSS) choitianta in úsáid anois i ngach Ionad/Seirbhís BO.
- Thug foghrúpa Cumarsáide agus Faisnéis Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna isteach clár comhchoiteann Píolótach Ionductaithe Foghlaimeora do chláir Breisoideachais agus Oiliúna roghnaithe.
- Mhaoinigh BOOLUF Obair Óige Éireann Lár na Tíre, Obair Óige Éireann Laoise, agus Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí faoin Scéim Deontais Chaipitil RLGÓ.
- Tugadh tacaíocht do dhaoine óga idir 16-24 bliana (le béim ar na haoiseanna 16-18) tríd an Tionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg.
- Tugadh tacaíocht do 27 club/grúpa óige leis an Scéim Deontais Club Óige Áitiúil.
- Mar phríomhpháirtí, bhunaigh sé Comhpháirtíocht Chruthaitheacht Áitiúil don Óg Laoise agus Uíbh Fhailí (LCYP). Ghlac 720 duine óg páirt i 23 clár cruthaitheach ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.
- Tugadh tacaíocht do thrí sheirbhís óige leis an Scéim Maoinithe Spriocdhírthe don Aos Óg.
- Oiliúint maidir le comhairle na ndaltaí curtha ar fáil do gach scoil.
- Idirchaidreamh le OCBÁC chun díriú ar ghuth na mac léinn mar phríomhchuid den chlár Measúnaithe, Aiseolais agus Tuairiscithe.
- Cuireadh i gcrích oibreacha athchóirithe agus uasghrádaithe ar scoileanna agus ar ionaid.
- Críochnaíodh feistiú Ionad Scileanna Lár na Tíre i bPáirc Ghnó Axis, An Tulach Mhór.

2.2 Bheith tiomanta d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus leis an bhfoghlaim chomhoibríoch

- Aontaíodh Plean Gníomhaíochta agus Straitéis FCT BO, agus cuireadh gníomhartha i bhfeidhm.
- Foghrúpa FCT bunaithe (le hionadaíocht ó riarthóirí agus múinteoirí BO); cruinnithe ráithiúla chun plean gníomhaíochta agus straitéis a chur chun cinn.
- Cruthaíodh suíomhanna SharePoint do gach ionad agus seirbhís BO chun comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtais i dteagasc leis an teicneolaíocht a chur chun cinn.
- Seoladh na sraithe 'Lón & Foghlaim'; "Teicneolaíocht san Oideachas" chun teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn sa seomra ranga.
- Cuireadh comhoibriú agus rannpháirtíocht ghairmiúil chun cinn i measc múinteoirí agus teagascóirí trí TFC a úsáid mar chuid den chúrsa 'Ceannairí Uaillmhianacha' (Aspiring Leaders).
- Cuireadh le chéile ríomhíris (dhá eagrán) chun faisnéis a bhaineann le scoileanna agus tionscadail, tionscnaimh agus frontair a scaipeadh. Baineadh úsáid as an ríomhíris freisin mar áis chun acmhainní, cleachtas ceannasach, agus eispéiris dhearfacha foghlama na scoláirí a roinnt.
- Tacaíocht (theicniúil agus oideolaíoch) curtha ar fáil do scoileanna a bhfuil baint acu le tionscadal an Chiste Feabhais Scoileanna (Digiteach).

- Tacaíocht curtha ar fáil do scoileanna a bhfuil baint acu leis an gclár um Sheaimpín Digiteach do Scoileanna.

2.3 Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí

- Bunaíodh Comhairle Foghlaimeoirí in Ionad BO Thulach Mhór ina raibh 10 mball ar thogh ionadaithe ranga iad.
- Pacáiste Coiteann Measúnóra Dámhachtana Cúraim Sláinte arna fhorbairt lena n-áirítear treoirlínte ar aiseolas foghlaimeoirí.
- Níos mó úsáide a bhaint as teicnící measúnachta múnlaithreacha agus iad a spreagadh, rud a bheidh mar chúis le caidreamh níos cáilíochtúla i scoileanna.
- Forbraíodh agus cuireadh tús le clár Measúnaithe, Aiseolais agus Tuairiscithe.

2.4 Comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach

- 6 TOÁ críochnaithe Thosaigh 83 foghlaimeoir, chríochnaigh 40. Bhain 36 foghlaimeoir Mórdámhachtainí amach agus bhain 18 eile Miondámhachtain amach. Chuaigh 32 ar aghaidh chuig fostaíocht agus 10 chuig BO.
- Bunaíodh Foghrúpa um Chuimsiú Gníomhach chun oibriú ar bhealaí dul chun cinn in oideachas pobail, litearthacht, oiliúint phobail, seirbhísí príosúin, agus Ógtheagmháil.
- Bunaíodh Pobal Cleachtais RSO i gcomhar leis an NCSE.
- RSO curtha san áireamh mar phríomhchuid den Chlár Ceannairí Gníomhacha & Uaillmhianacha
- Déantar athbhreithniú ar acmhainní RSO go bliantúil in BO agus déantar iad a leithdháileadh ar Ionaid tiomnaithe BO de réir mar is cuí.
- Tugadh Tacaíocht do Chomhairle na nÓg Laoise agus do Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí chun deis a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí agus beartas áitiúla.
- Leithdháil an RLGÓ €5,000 ar BOOLUF don Scéim Deontais Seirbhíse Óige LGBTI +. (Ba é Obair Óige Éireann Laoise an t-iarratasóir rathúil faoin scéim seo).
- Choimisiúnaíomar seirbhís óige chun Mapáil Seirbhísí a dhéanamh do dhaoine óga LGBTI + i Laois agus Uíbh Fhailí.
- Cuireadh i gcrích Próifíl Ceantair, anailís Riachtanas agus Ceanglas Seirbhíse do Laois agus Uíbh Fhailí roimh an scéim nua maoinithe don óige UBU D'áit Do Spás.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Bunathrú na hEagraíochta

3.1 Aitheantas mar phríomhsholáthraí oideachais, agus cultúr nuálaíochta agus feabhsuithe a chur ina luí ar dhaoine

- Dhírigh cruinnithe na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí ar chroíluachanna agus spiorad na Scoileanna BOOLUF. I measc na réimsí atá ag teacht chun cinn tá sármhaitheas scoile, ionchuimsiú agus pobal.
- Cuireadh leabú croíluachanna chun cinn d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad seo ag croílár ár gcuid oibre go léir laistigh den eagraíocht; beidh sé seo mar chuid de Pholasaithe Iontrála nua inár scoileanna BOOLUF go léir.
- Cuireadh an struchtúr PF athbhreithnithe i bhfeidhm i ngach scoil agus cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe gearrthéarmach ar riachtanais bhainistíochta laistigh de scoileanna.
- Ceardlanna Pleanála Straitéiseacha Bainistíochta BO ar siúl gach ráithe.
- Cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara inmheánacha BO go léir: freagairt do riachtanais aitheanta agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chomhaontú feidhmíochta straitéiseach BOOLUF/SOLAS.
- Críochnaíodh Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla go rathúil.
- Cuireadh oiliúint maidir le cuntais, mionairgead tirim, agus réiteach bhainc ar fáil d'fhoireann riaracháin na scoile agus an ionaid.
- Rolladh amach córais íocaíochta ar líne i ngach scoil.
- Cuntas ríomhphoist láraithe tugtha isteach le haghaidh íocaíochtaí foghlaimeora.
- Tugadh cuairteanna monatóireachta airgeadais ar dheontaithe i gcomhréir le Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse.
- Aistriú rathúil ar an bhfeidhm Airgeadais chuig oifig Phort Laoise.
- Bunaíodh an tAonad Soláthair agus Foirgnimh.
- Bearta tugtha isteach chun ár sonraí a chosaint ar bhealach níos fearr trí ríomhaireacht scamall feabhsaithe.

3.2 Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú

- Bunaíodh Bord nua in 2019 tar éis na dtoghchán áitiúil de bhun alt 31 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do Bhaill an Bhoird ar an gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna.
- Ceapadh Oifigeach Comhlíonta.
- Rolladh amach oiliúint éigeantach ar líne maidir le RGCS ar gach ball foirne.
- D'fhorbair BBanna scoil próiseas comhlíonta nua do dhearbhu rialachais BB.

3.3 Branda an BOOLUF a fheabhsú

- Cuireadh chun cinn feidhm Aonad na Seirbhíse Óige, forbairtí san Obair Óige agus deiseanna maoinithe ar fud na hearnála oibre óige trí choistí, líonraí, láithreán gréasáin BOOLUF, cainteanna, nuachtlitreacha, rannchuidiú le himeachtaí agus foilseacháin náisiúnta, preas áitiúil, agus trí na meáin shóisialta.
- Úsáidtear bealaí meán sóisialta chun ár soláthar BO agus gníomhaíochtaí scoile a chur chun cinn chomh maith le hearcaíocht foghlaimeora agus foirne a chur chun cinn.
- Athdhearadh an lógó BOOLUF chun aitheantas branda a fheabhsú.
- Comharthaíocht nuashonraithe ag Ionaid agus Oifigí BO chun an lógó nua BOOLUF a léiriú.

3.4 Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara

- Rinne BOOLUF comhaontuithe comhair a athbhreithniú le IT Baile Átha Luain agus IT Ceatharlach chun an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas a léiriú ar bhealach níos fearr.
- Naisc le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear SOLAS, CFÁUF & Comhpháirtíochta Laoise, Comhairlí Contae Uíbh Fhailí agus Laoise, an Fóram Scileanna Réigiúnacha, agus Fostóirí Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta lena n-áirítear. CTF, SISK, FSS srl.
- Bhuail BOOLUF le RGFCS, fiontar áitiúil agus réigiúnach chomh maith le grúpaí pobail agus comhpháirtíochta chun soláthar cúrsaí a phleanáil go straitéiseach ar aon dul le riachtanais dhomhanda, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla an mhargaidh saothair.
- D'oibrigh BOOLUF mar chuid de thascgrúpa ilghníomhaireachta chun iad siúd atá i gceantair ard-dífhostaíochta a chur i mbun; Cúil an tSúdaire, Biorra, Maignean Rátha, agus Ráth Domhnaigh.
- Bhí príomhról ag BOOLUF i bhFoireann Aistriúcháin Réigiúnach Lár na Tíre, a bunaíodh mar fhreagairt ar aistriú luathaithe Bhord Na Móna chuig samhail ghnó carbóin níos ísle.
- Forbairt leanúnach ar chomhpháirtíocht le CLG Laoise, ag soláthar tacaíochtaí oideachais breise trí Chláir Athbhreithnithe na Cásca agus ceardlanna saindirithe.
- Rinne an tSeirbhís Óige líonrú le Túsla, Líonraí Tacaíochta Leanáí agus Teaghlaig, CFPÁ Laoise, SICAP, GCÁ, Comhairle na nÓg, Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, Comhpháirtíocht Laoise, Comhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, Tascfhórsa Drugaí, Clár Erasmus + ag Léargas, Spás Teicneolaíochta, Comhpháirtíocht Chruthaitheach don Óg, agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.
- D'éirigh leis an aistriú go SGO le haghaidh seirbhísí párolla i mí na Samhna. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná sonraí a aistriú ó chórais phárolla atá ann cheana go comhchóras párolla caighdeánaithe amháin atá le hoibriú ag SGO.
- D'fhorbair agus chuir BOOLUF PSC agus PSI i bhfeidhm i gcomhar le BOOÉ agus SSO.
- Seirbhís Tacaíochta Fiontar BO bunaithe chun soláthar saincheaptha a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais fiontar áitiúil.
- Ghlac 534 fostaí páirt i gcúrsaí Scileanna chun Dul Chun Cinn in 2019.
- Ghlac FA BO páirt ghníomhach i struchtúir áitiúla forbartha pobail agus eacnamaíochta (m.sh. CFPÁ, cuideachtaí forbartha áitiúla).
- Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha WSE/MLL chun réimsí aitheanta a bhfuil feabhas le cur orthu a scrúdú le príomhfhócas ar fhoirne RSO a chomhtháthú leis an bhfoireann teagaisc.

Tosaíocht Straitéiseach 4: Forbairt Foirne

4.1 Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil

- Ionduchtú Foirne do gach ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna nua arna soláthar ag an Rannóg QA; reáchtáladh seisiún faisnéise i mí Eanáir agus i mí Mheán Fómhair.
- Cuireadh ionduchtú foirne ar fáil do gach ball foirne nua.
- Ball foirne nua ceaptha don fheidhm TFC.
- Críochnaíodh méaduithe pinsin do gach pinsinéir.
- Eisíodh ráitis sochair don fhoireann uile ar uaireanta lánaimseartha.

4.2 Forbairt phearsanta, ghairmiúil, agus ghairmréime leanúnach a chinntiú

- Áiseanna oiliúna forbartha in Oifigí Thulach Mhór chun roghanna oiliúna a leathnú.
- Cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoireann a d'aistrigh go BOULUF ar na cláir de chuid Scoil Cheoil Laoise agus Music Generation Laois.
- Oiliúint RSO curtha ar fáil do bhainistíocht scoile.
- Leathnaíodh an clár Ceannairí Gníomhacha & Uaillmhianacha do cheannairí meánscoile agus sinsearacha.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne riaracháin scoile agus ionaid ar Chosaint Leanaí, ar RGCS, ar Acmhainní Daonna, ar Airgeadas agus ar Sholáthar.
- Clinicí WSE/MLL curtha ar fáil do bhainistíocht scoile.
- Ceardlanna oiliúna curtha ar fáil do bhainistíocht mheánach AP1 & AP2.
- Modúl Oiliúna MBSR curtha ar fáil.
- Modúl oiliúna CRS curtha ar fáil.
- Oiliúint VSware curtha ar fáil do bhainistíocht na scoile.
- Oiliúint ACS4 do scoileanna curtha ar fáil.
- Bunaíodh Pobal Cleachtais na Múinteoirí RSO.
- Bunaíodh Pobal Cleachtais na Múinteoirí Ceoil.
- Iarratas curtha isteach agus maoiniú faighte ó Léargas le haghaidh FGL
- Polasaithe agus nósanna imeachta FG athbhreithnithe agus faofa ag an mBord.
- Oiliúint MS Office 365 d'fhoireann uile BO de réir straitéis FG agus FCT SharePoint, OneDrive, agus Foirne.
- Oiliúint Feasachta Litearthachta d'fhoghlaimoirí le RSO lena n-áirítear disléicse; teicneolaíocht chúnata a úsáid chun tacú leis na foghlaimoirí seo sa seomra ranga.
- Reáchtáladh lá forbartha foirne do chleachtóirí BO a thug aghaidh ar 4 phríomhthéama - cuimsiú gníomhach, rannpháirtíocht chumhachtach d'fhoghlaimoirí, tacú le dul chun cinn foghlaimora, agus bearnaí scileanna a chomhlíonadh.
- Oiliúint dírithe ar theagasc agus ar fhoghlaim cleachtóirí le tacaíocht ón roinn QA agus seirbhísí tacaíochta náisiúnta lena n-áirítear Moodle le haghaidh teagaisc, scríbhneoireachta acadúla agus tagartha.

- Seisiúin tacaíochta leanúnacha ón roinn QA d'fhoireann nua agus baill foirne atá ann cheana maidir le CTFC, Foghlaimeoir BKSB, nuashonruithe agus dámhachtainí clár, pacáistí measúnóra, agus seisiúin faisnéise ginearálta QA a úsáid.
- Clár phíolótacha SOLAS don fhoireann (Leibhéal 6-8) sna réimsí Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta agus Athruithe a Bhainistiú.
- Leanúint ar aghaidh le modúil le IT Ceatharlach ar an MA i dTeagasc agus i bhFoghlaim chun Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta a áireamh.
- Seoladh ár sraithe 'Lón & Foghlaim'; "Teicneolaíocht san Oideachas" chun teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn sa seomra ranga.
- D'fhreastail 250 duine i láthair ar ár lá folláine foirne chun páirt a ghlacadh i siúlóid/rith 5k/10k ag Mount Lucas.
- Oiliúint scileanna boga i réimse na cumarsáide éifeachtaí, ag baint úsáide as na meán sóisialta.
- Oiliúint threorach d'fhoireann lárionaid agus seirbhíse i réimsí sláinte agus sábháilteachta, soláthair agus nósanna imeachta airgeadais.
- D'fhreastail 8 ball foirne ar Sheimineár Airgeadais agus Rialachais.
- Seoladh Tionscnamh Folláine Foirne BOOLUF.
- D'fhreastail baill foirne ar chaint folláine leis an Dr Eddie Murphy.
- Cárta folláine foirne tugtha isteach agus seolta chuig gach ball foirne.
- Foilsíodh nuachtlitir folláine don fhoireann.
- Fuair ball foirne Teastas sa Rialachas.
- D'fhreastail an Fhoireann Soláthair ar cheardlanna agus ar oiliúint ar Athrú Aeráide SEAI, Fuinneamh Tacaíochta Deontais SEAI, Fóram na nOifigeach Feidhmíochta in BOOÉ, agus an Chomhdháil um Fheidhmíocht Trí Sonraí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.
- Ceapadh Oifigeach Fuinnimh.

4.3 Forbairt acmhainní a chothú le haghaidh ceannaireachta gníomhaí

- Seachadadh clár Forbartha Ceannaireachta comhdhéanta de 5 chuid do bhainisteoirí ionad agus seirbhíse BO.
- Feabhsúcháin leanúnacha agus leathnú ar an gclár Ceannairí Gníomhacha agus Uaillmhianacha don earnáil scoile.

4.4 Comhoibriú agus comhroinnt eolais a chur chun cinn

- Suíomh SharePoint bunaithe do bhaill an Bhoird, do bhaill an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus an Choiste Airgeadais.
- Forbairt leanúnach ar thógáil acmhainní comhchoiteanna ar fud struchtúir bhainistíochta scoile chun caighdeán a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a shruthlíniú.
- Tionóladh cruinnithe Leas-Phríomhoide ar bhonn téarma, agus díriodh ar aghaidh a thabhairt ar shaincheistean reatha agus ar chultúr tacaíochta dá chéile a fhorbairt.

GLUAIS

ACS 4	Clár Athbheochana Cardascamhógaí do scoileanna
AD	Acmhainní Daonna
AFMÁ	Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhair
An Clr	Comhairleoir
AP1	Príomhoide Cúnta 1
AP2	Príomhoide Cúnta 2
BB	Bord Bainistíochta
BKSB	Clár Measúnaithe Dhalta Tosaigh
BO	Breisoideachas agus Oiliúint
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
BOOLUF	Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
CFÁUF	Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
CLG	Cumann Lúthchleas Gael
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
CTF	Cónaidhm Thionscal Foirgníochta
CTFC	Córas Tacaíochta Foghlaimeora Cláir
FA	An Fhoireann Ardbhainistíochta
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
FG	Forbairt Ghairmiúil
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FMS	Féinmheastóireacht Scoile
FSS	Feidhmeannach Sheirbhís Sláinte
GCÁ	Grúpa Ceantair Áitiúil
IT	Institiúid Teicneolaíochta
ITC	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
LGBTI +	Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach
MA	Máistreacht sna hEalaíona
MBSR	Measúnú Bunaithe ar an Seomra Ranga
NCI	Coláiste Náisiúnta na hÉireann
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
OCBÁC	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
OÉ	Gaillimh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
PF	Post Freagrachta
PSC	Plean Soláthair Corparáideach

PSI	Plean Soláthair Ilbhliantúil
QA	Dearbhú Cáilíochta
QIP	Plean Feabhsúcháin Cáilíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RCGAC	Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RGFCS	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
RLGÓ	Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SF	Saoráil Faisnéise
SGCO	Seirbhís Ghnó Comhroinnte Oideachais
SICAP	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhaíochtú Pobail
SISK	Fostóir Tógála
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (Údarás BO)
SSM	Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí
SSO	Seirbhísí Soláthair Oideachais
STEM	Eolaíocht Teicneolaíocht Innealtóireacht Matamaitic
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
TOÁ	Tionscnamh Oiliúna Áitiúil
WSE/MLL	Meastóireacht/Bainistíocht ar an Scoil Uile, Ceannaireacht, agus Foghlaim

NÓTAÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.loetb.ie